10 Márta 2020

San eagrán seo:

- Uasdátú ó TUSLA
- Comhairle do Naíonraí: COVID19
- ...agus rud amháin eile!

Mar is eol daoibh, tá méid áirithe cáipéisí de dhíth roimh 30 Meitheamh 2020 mar chuid den athchlárúchán le Tusla.

Seo thíos na cáipéisí atá de dhíth:

- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do stiúrthóirí cuideachtaí & do bhoird bhainistíochta
- Polasaí um an mBainistíocht Iompair
- Polasaí um Ghearáin
- Polasaí um Thabhartas Cógais
- Polasaí um an Rialú Ionfhabhtaithe
- Polasaí i leith an Codladh Shábháilte
- Deimhniúchán um an tSábháilteacht ó Dhóiteáin
- Cead Pleanála
- Pleananna urláir

Seans go mbeidh na cáipéisí thuas seolta ag cuid agaibh cheana féin, ach daoibh siúd nach bhfuil, tá sé tábhachtach go dtosóidh sibh á gcur le chéile chomh luaithe agus is féidir. Beidh níos mó eolais ar fáil ó Tusla (re.registration@tusla.ie nó 061 461715) má tá aon deacrachtaí agaibh, agus beidh deis ann na cáipéisí ar fad a uaslódáil chuig an suíomh ó Déardaoin, 2 Aibreán 2020 ar aghaidh.

Féach thíos don leagan Gaeilge den doiciméid treorach.

Doiciméad Treorach Anseo

Féach ar shuíomh TUSLA

Comhairle do Naíonraí maidir le COVID19

Tuigimid go bhfuil imní ag ardú faoi láthair mar gheall ar an nuacht go bhfuil COVID19 tagtha chomh fada le hÉireann anois.

Tá cúlpla acmhainn bailithe le chéile againn daoibh sa naíonra a chabhróidh libh teachtaireacht dhearfach a scaipeadh i measc na bpáistí mar gheall ar lámha a ní, agus casacht agus sraoth a chlúdach. Féach go bhfuil roinnt eolais ar fáil ón HSE agus ó Early Childhood Ireland chomh maith.

Mar eolas daoibh, tá foireann Gaeloideachas théis bheidh ag obair go dian le seachtain anuas ag déanamh slán de go mbeimid in ann obair ón mbaile sa chás go ndúnfaí an oifig - beimid fós ar fáil le comhairle agus tacaíocht a thabhairt do naíonraí i rith an ama dúshlánach seo.

Comhairle ón HSE

Eolas ó Early Childhood Ireland

Íoslódáil Póstaer

Conas do lámha a ní i gceart

Canaigí an t-amhrán agus sibh ag ní bhur lámha!



[...agus rud amháin eile!]

Beidh Odeon Cinemas ag taispeáint scannán as Gaeilge mar chuid de Sheachtain na Gaeilge

Chun céiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge, beidh pitiúrlanna

- Spongebob Squarepants: Spúinse as Uisce *(Spongebob Squarepants: Sponge Out of Water*)
- Amhrán na Mara (*Song of the Sea*)
- An Saothraí (*The Breadwinner*)
- agus Rún Cheannanais Mhóir (*The Secret of Kells*)

Beidh na scannáin ar siúl i bpictiúrlanna ODEON ar fud na tíre (Baile Átha Cliath: Baile Bhlainséir, Baile Shéarlais, An Chúlóig, Sráidbhaile an Iosta, Stigh Lorgan) (An Cabhán, Luimneach, An Nás, Droichead Nua, Port Laoise agus Port Láirge)

Ná cailligí amach ar thuras scoile iontach go dtí an phictiúrlann! Is féidir ticéad a cheannach agus bia cáiliúil an ODEON (ar nós 'cheesy nachos' agus grán rósta úr), sula bhfeiceann tú ar scannáin inár dteanga dhúchasach.

Deir Bainisteoir Tráchtála ODEON, Paul Wren, 'Táimid thar a bheith bródúil tacaíocht a thabhairt, agus ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge. Tá súil againn go mbainfidh teaghlaigh agus scoileanna (Béarla agus Gaeilge/Gaelscoileanna) sult as an liosta scannán atá roghnaithe againn. Má tá suim ag aon scoil léiriú scoile a chur in áirithe, téigí i dteagmháil linn.

Chun léiriú príobháideach de scannáin ODEON a chur in áirithe as Gaeilge, is féidir teagmháil a dhéanamh le:

Paul Wren, Bainisteoir Tráchtála –pwren@sales.odeonuk.com
Breathnaigh ar ODEON ar Twitter @ODEONcinemasIRE agus ar Facebook.
Suíomh gréasáin ODEON: www.odeoncinemas.ie

Cuir Scannán i Áirithe Anois!

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook **Tvuít**

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo